Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH 2011

## SCÉIM MHARCÁLA

## GAEILGE CHUMARSÁIDEACH

## COMÓNTA

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **leathanach 3** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| **CLUASTUISCINT** | **(40 marc)** |
|---|---|
| **N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin. | |

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

# 200 = 6 Chreidiúint

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

2) Iarrthóirí a **d'úsáid:**
- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. m.s. Roinn III Ceapadóireacht: C.6, agus C.7. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinneas gramadaí' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhtuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 6 agus 7 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó:

**Ceist 6**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **1>2** | – cruinneas + **0** mharc. |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **3>5** | – cruinneas + **1** mharc. |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **6>7** | – cruinneas = **7** marc. |

**Ceist 7**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **1>2** | – cruinneas + **0** mharc. |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **3>5** | – cruinneas + **1** mharc. |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **6>7** | – cruinneas = **7** marc. |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.
m.s. G (OR) = 1

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH 2011

# GAEILGE CHUMARSÁIDEACH

## ROINN 1 – CLUASTUISCINT.

## TÉACS.

## CEIST 1

Píosa a hAon

Chuaigh Máire agus Pól go dtí bialann inné. D'ith siad sicín agus sceallóga. D'ól siad oráiste. Thaitin an béile go mór leo.

Píosa a Dó

Beidh bannaí ceoil ag seinm ceoil i Scoil Áine Dé Luain. Beidh an cheolchoirm ag tosú ag a seacht a chlog. Beidh fáilte roimh chách.

Píosa a Trí

Beidh Tráth na gCeist Boird ar siúl i leabharlann na scoile oíche Dé hAoine ar a hocht a chlog. Beidh ceathrar ag gach bord.

## CEIST 2.

Bríd de Búrca is ainm dom.

Tá mé sé bliana déag d'aois.

Tá mé i mo chónaí in uimhir a dó dhéag, Sráid na Siopaí, Sligeach.

Is í an uimhir theileafóin atá agam ná 087-242815.

Is maith liom cispheil agus rothaíocht.

## CEIST 3.

### Comhrá 1.

**Pádraig:** Cad a rinne tú ag an deireadh seachtaine, a Úna?
**Úna:** Bhí mé ag staidéar an chuid is mó den am ach chuaigh mé go dtí cóisir oíche Dé Sathairn.
**Pádraig:** Cá raibh an chóisir ar siúl, a Úna?
**Úna:** Bhí sí ar siúl i dteach mo chara, Seán. Bhí breithlá aige.
**Pádraig:** Cén aois a bhí Seán?
**Úna:** Bhí sé ocht mbliana déag d'aois.
**Pádraig:** An raibh an chóisir go maith?
**Úna:** Bhí an chóisir go hiontach. Bhí mé ag canadh agus ag damhsa ar feadh na hoíche.
**Pádraig:** Conas a tháinig tú abhaile?
**Úna:** Thug athair mo chara síob dom.

### Comhrá 2.

**Brian:** A Bhríd, ar chuala tú faoi Liam Ó Sé?
**Bríd:** Níor chuala.
**Brian:** Tá Liam san ospidéal.
**Bríd:** Cad a tharla dó?
**Brian:** Bhí timpiste aige agus é ag imirt peile.
**Bríd:** An bhfuil sé gortaithe go dona?
**Brian:** Tá a chos gortaithe go dona.
**Bríd:** Cén fhad a bheidh sé san ospidéal?
**Brian:** Beidh sé san ospidéal ar feadh seachtaine.
**Bríd:** Rachaidh mé ag féachaint air Dé Sathairn.

**Comhrá 3.**

**Tomás:** Dia duit, a Sheáin. Ní fhaca mé thú le cúpla seachtain.
**Seán:** Bhí mé ar laethanta saoire san Iodáil, a Thomáis.
**Tomás:** Conas a bhí an aimsir?
**Seán:** Bhí an aimsir go hiontach. Bhí sé an-te.
**Tomás:** Cé a bhí in éineacht leat?
**Seán:** Bhí mo chlann in éineacht liom.
**Tomás:** Cá raibh sibh ag fanacht?
**Seán:** Bhíomar ag fanacht in Óstán mór.
**Tomás:** Cad iad na háiseanna a bhí san Óstán?
**Seán:** Bhí páirc pheile, bialann agus cúirt leadóige san Óstán.

**Comhrá 4.**

**Eoin:** Haigh, a Áine. Cá bhfuil tú ag dul?
**Áine:** Tá mé ag dul go Páirc an Chrócaigh, a Eoin. Tá cluiche mór peile ar siúl.
**Eoin:** Cén t-am a thosóidh an cluiche?
**Áine:** Tosóidh an cluiche ar a leathuair tar éis a trí.
**Éoin:** Cé a bheidh ag imirt?
**Áine:** Beidh Baile Átha Cliath agus Ciarraí ag imirt.
**Eoin:** Cé mhéad a chosain an ticéad?
**Áine:** Chosain an ticéad fiche cúig Euro.
**Eoin:** Cé atá ag dul leat?
**Áine:** Tá mo dhaid ag dul liom.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2011

# Gaeilge Chumarsáideach

(200 marc)

Déardaoin, 9 Meitheamh – Maidin 9.30 – 10.30

**Don Fheitheoir**

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir**

| | |
|---|---|
| **1.** Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh → | **200** |
| **Nóta:** Caithfidh an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc **IOMLÁN** sa ghreille thíos. | |

## *TreorachaGinearálta*

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo: →
2. Scríobh na freagraí sa fhreagarleabhar seo.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

**Roinn 1 Cluastuiscint (90 marc)**
**Roinn 2 Léamhthuiscint (30 marc)**
**Roinn 3 Scríobh na Teanga (30 marc)**
**Roinn 4 Taighde (50 marc)**

**Don Scrúdaitheoir**

| **Ceist** | **Marc** |
|---|---|
| 1 | **30** |
| 2 | **20** |
| 3 | **40** |
| 4 | **15** |
| 5 | **15** |
| 6 | **15** |
| 7 | **15** |
| **Taighde** | **50** |
| **IOMLÁN** | **200** |

# Roinn 1 – **Cluastuiscint** [90 marc]

Éist go cúramach leis an taifeadadh. Cloisfidh tú an chaint faoi dhó.

## **CEIST 1** (30 marc)

Éist leis an taifeadadh agus cuir **A**, **B**, **C** nó **D** sa bhosca cuí.


### Píosa a hAon




**A** **B** **C** **D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? A


### Píosa a Dó



**A** **B** **C** **D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? B

### Píosa a Trí



**A** **B** **C** **D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? C

| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | **30** |
|---|---|

**20**

## **CEIST 2** (20 marc)

Éist leis an taifeadadh agus líon an fhoirm seo **i nGaeilge**.

# CLUB ÓIGE NAOMH PÁDRAIG

Cumann Óige

## FOIRM IARRATAIS

| | | | |
|---|---|---|---|
| **SLOINNE**: | De Faoite | ☐ | **2 mharc** |
| | De Brún | ☐ | |
| | De Búrca | √ | |
| **AINM**: **Bríd** | | | **2 mharc** |
| **AOIS**: | 17 | ☐ | |
| | 16 | √ | **2 mharc** |
| | 15 | ☐ | |

(1) (1) (1) (1) (1)

**SEOLADH**: **A dó dhéag (12) Sráid na Siopaí, Sligeach. (1+1+1+1+1)** **5 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **UIMHIR THEILEAFÓIN**: | 086 242860 | ☐ | |
| | 087 242815 | √ | **3 mharc** |
| | 086 242826 | ☐ | |



| | | | |
|---|---|---|---|
| **DO ROGHA SPÓRT**: | Snúcar | ☐ | |
| | Peil | ☐ | |
| | Cispheil | √ | **3 mharc** |
| | Lúthchleasaíocht | ☐ | |
| | Rothaíocht | √ | **3 mharc** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha ⟶ | **30 + 20** | = | **50** |

**40**

# CEIST 3 (40 marc)

Éist leis na comhráite seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## Comhrá a hAon




**1.** Cá ndeachaigh Úna oíche Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Go dtí an dioscó | ☐ |
| Go dtí an siopa | ☐ |
| **Go dtí cóisir** | √ |

**(2 mharc)**

**2.** Cén aois a bhí Seán?

**Bhí Seán ocht mbliana déag d'aois / ocht mbliana déag / 18.** **(2 mharc)**

**3.** Cad a bhí á dhéanamh ag Úna ar feadh na hoíche sin?

**Bhí sí ag canadh** agus **ag damhsa.** **(2 + 1) = (3 mharc)**

**4.** Conas a tháinig Úna abhaile?

**Thug athair a cara síob di / síob ó athair a cara / síob.** **(3 mharc)**

## Comhrá a Dó




**1.** Cá bhfuil Liam Ó Sé?

**Tá Liam san ospidéal / san ospidéal / ospidéal.** **(2 mharc)**

**2.** Cad a bhí ar siúl aige nuair a tharla an timpiste?

**Bhí sé ag imirt peile / ag imirt peile / peil.** **(2 mharc)**

**3.** Cad a ghortaigh Liam sa timpiste?

**Ghortaigh sé a chos / a chos / cos.** **(3 mharc)**

**4.** Cad a dhéanfaidh Bríd Dé Sathairn?

**Rachaidh sí ag féachaint ar Liam Dé Sathairn / chuig an ospidéal / ospidéal.** **(3 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **50** + **40** | = | **90** |

## Comhrá a Trí



**1.** Cá raibh Seán ar saoire?

| | | |
|---|---|---|
| San Iodáil | √ | **(2mharc)** |
| Sa Spáinn | | |
| Sa Phortaingéil | | |

**2.** Conas a bhí an aimsir?

**Bhí an aimsir go hiontach / iontach / bhí an aimsir te / te.** **(2 mharc)**

**3.** Cá raibh siad ag fanacht?

**Bhí siad ag fanacht in Óstán mór / óstán mór / óstán.** **(3 mharc)**

**4.** What facilities were in the complex?

(a) **Páirc pheile / peil.**
(b) **Bialann.**
(c) **Cúirt leadóige / leadóg.** **(1 + 1 + 1) = (3 mharc)**



## Comhrá a Ceathair

**1.** Cá bhfuil Áine ag dul?

**Tá Áine ag dul go Páirc an Chrócaigh / Páirc an Chrócaigh /cluiche peile / cluiche.** **(2 mharc)**

**2.** Cén t-am a thosóidh an cluiche?

**Tosóidh an cluiche ar a leathuair tar éis a trí / leathuair tar éis a trí / 3.30** **(2 mharc)**

**3.** Cé a bheidh ag imirt?

**Baile Átha Cliath agus Ciarraí**. **(2 + 1) = ( 3 mharc)**

**4.** Cé mhéad a chosain an ticéad?

**Chosain an ticéad fiche cúig Euro / €25.** **(3mharc)**

15

# Roinn 2 – **Léamhthuiscint** [30 marc]

## **CEIST 4** (15 mharc)

Léigh an píosa seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

### HECTOR i gCEANADA

Rugadh Hector Ó hEochagáin san Uaimh, Co. na Mí. Is cara mór é le Tommy Tiernan. D'fhoghlaim sé a chuid Gaeilge i Rath Chairn. Tá Hector ag obair le TG4 agus le RTÉ 2FM anois.

Téann sé timpeall an domhain ag déanamh clár taistil do TG4. Tá cláir Hector difriúil ó chláir thaistil eile. Bíonn sé ag caint le daoine áitiúla agus bíonn an-chraic go deo aige leo.

Tá an domhan ar fad beagnach siúlta ag Hector anois. Bhí sé san Afraic, san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus Theas, san Astráil, san Áis agus an samhradh seo caite bhí sé i gCeanada.

Tá Ceanada an-mhór ar fad agus chaith Hector ocht seachtaine ansin. Thaisteal sé ó Nova Scotia go dtí an Yukon. Bhí na cláir faoi Cheanada ar TG4 an Fómhar seo caite. Bhí an-tóir ar an tsraith *Hector i gCeanada*.




**HECTOR Ó hEOCHAGÁIN**

## Ceisteanna

**1.** Cár rugadh Hector Ó hEochagáin?

- **Rugadh Hector Ó hEochagáin san Uaimh, Co. na Mí** **(4 mharc)**
- **San Uaimh (2 mharc)**
- **Co. na Mí. (2 mharc)**

**2.** Cár fhoghlaim sé a chuid Gaeilge?

**D'fhoghlaim sé a chuid Gaeilge i Rath Chairn / I Rath Chairn.** **(4 mharc)**

**3.** Ainmnigh **dhá** áit ar thug sé cuairt orthu.

Bhí sé san **Afraic**, san **Eoraip**, i **Meiriceá Thuaidh** agus **Theas**, san **Astráil**, san **Áis** agus an samhradh seo caite bhí sé i **gCeanada**. **(2 + 2) = (4 mharc)**

**4.** Cá fhad a bhí Hector i gCeanada?

**Tá Ceanada an-mhór ar fad agus chaith Hector ocht seachtaine ansin / ocht seachtaine / 8 seachtaine** **(3 mharc)**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 90 + 15 | = | 105 |
|---|---|---|---|

15

**CEIST 5** (15 mharc)

Léigh an litir seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** nó as **Béarla.**

*Cluain Eois,*
*Co. Mhuineacháin.*
*22 Aibreán 2011*

*An Bainisteoir,*
*Ollmhargadh Spar,*
*An Chearnóg,*
*Muineachán.*

*A chara,*

*Tá mé ocht mbliana déag d'aois. Déanfaidh mé an Ardteistiméireacht Fheidhmeach in 2011. Ba mhaith liom post samhraidh a fháil i d'ollmhargadh. Chuala mé an fógra ar an raidió áitiúil.*

*Seol chugam, le do thoil, foirm iarratais don phost.*

*Is mise le meas,*

*Cáit Ní Riain.*

## Ceisteanna

**1.** Cén seoladh atá ag Cáit Ní Riain?

**Cluain Eois, Co. Mhuineacháin.** (2 + 2) = **(4 mharc)**

**2.** Cathain a scríobh Cáit an litir?

**22 Aibreán 2011** **(2 + 2) = (4 mharc)**
**Aibreán 2011 (2 mharc)**

**3.** Cén scrúdú a dhéanfaidh Cáit in 2011?

**Déanfaidh sí an Ardteistiméireacht Fheidhmeach in 2011 / Ardteist / ATF.** **(4 mharc)**

**4.** Cár chuala Cáit an fógra?

**Chuala mé an fógra ar an raidió áitiúil / raidió áitiúil / raidió.** **(3 mharc)**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **105 + 15** | = | **120** |
|---|---|---|---|



# Roinn 3 – **Scríobh na Teanga** [30 marc]

Le freagairt as **Gaeilge amháin**.
This section **must** be answered in **Irish**.



## **CEIST 6** (15 mharc)

Bhí tú ag **cóisir** *nó* ag **ceolchoirm.**
Scríobh cuntas **i nGaeilge** faoin gcóisir *nó* faoin gceolchoirm.

Write in **Irish** about a **party** *or* a concert that you attended.
Scríobh rud éigin faoi na pointí seo i do chuntas:

- An lá agus an t-am
- An áit
- An fáth a raibh tú ann
- Rud éigin a tharla.

**Ábhar = 4 phointe = 2 mharc x 4 = 8 marc**
**Gaeilge = 7 marc**

**Ábhar = 8**
**<u>Gaeilge = 7</u>**
**Iomlán = 15**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **120 + 15** | = | **135** |

15

## CEIST 7 (15 mharc)

Tá tú ar saoire sa Spáinn.

Scríobh cárta poist **i nGaeilge** chuig cara leat ag insint dó/di faoin tsaoire.

Scríobh rud éigin faoi na pointí seo:



- An áit
- An aimsir
- An bia
- Cé atá in éineacht leat
- Cathain a bheidh tú ar ais sa bhaile.

**Ábhar = 6 mharc**

Ainm agus Sloinne = 1

Seoladh = 1

3 Phointe Eolais = 6 (2 mharc x 3 = 6 mharc)

**Gaeilge = 7 marc**

**Foirmlí**

Ainm agus Sloinne i nGaeilge = **1 mharc**

Dhá líne sa seoladh = **1 mharc**



**Foirmle = 2**
**Ábhar = 6**
**Gaeilge = 7**
**Iomlán = 15**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **135** + **15** | = | **150** |

**50**

# Roinn 4 – **Taighde** [50 marc]

**This section may be answered in Irish *or* in English.**

**1.** Name a topic you researched as part of **Gaeilge Chumarsáideach**.

**0 - 3 - 6**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ **(6 mharc)**

**2.** **Where** did you get your information?

**0 - 2 - 4**

**(a)** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ **(4 mharc)**

**0 - 2 - 4**

**(b)** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ **(4 mharc)**

**0 - 2 - 4**

**(c)** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ **(4 mharc)**

**Iomlán = 12 mharc**








| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | **150 + 50** | = | **200** |

**3.** What did you learn **about the topic you researched?**

**32 mharc**

**0 - 4 - 8**

**(a)** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ **(8 marc)**

**0 - 4 - 8**

**(b)** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ **8 marc)**

**0 - 4 - 8**

**(c)** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ **(8 marc)**

**0 - 4 - 8**

**(d)** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ **(8 marc)**

**Iomlán = 32 marc**

